Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 23 Samhain 2026
(OR. en)

6302/25
COR 3

EF 34
ECOFIN 162
DELACT 10
ECB

NÓTA CLÚDAIGH

ó:	Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir
chuig:	Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh
Uimh. an doic. ón gCoim.:	C(2026) 8403 final
Ábhar:	CEARTÚCHÁN ar Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/1190 ón gCoimisiún an 13 Feabhra 2025 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2022/2554 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le caighdeáin theicniúla rialála lena sonraítear na critéir a úsáidtear chun eintitis airgeadais a shainaithint a gceanglaítear orthu tástáil treáite bunaithe ar bhagairtí a dhéanamh, na ceanglais agus na caighdeáin lena rialaítear úsáid tástálaithe inmheánacha, na ceanglais i ndáil leis an raon feidhme, leis an modheolaíocht tástála agus leis an gcur chuige le haghaidh gach céime de na céimeanna tástála, torthaí, clabhsúir agus feabhsúcháin agus an cineál comhair maoirseachta agus comhair ábhartha eile is gá chun TLPT a chur chun feidhme agus chun aitheantas frithpháirteach a éascú *(Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh L, 2025/1190, 18 Meitheamh 2025)*

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad C(2026) 8403 final.

Faoi iamh: C(2026) 8403 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 18.11.2026
C(2026) 8403 final

CEARTÚCHÁN

ar Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/1190 ón gCoimisiún an 13 Feabhra 2025 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2022/2554 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le caighdeáin theicniúla rialála lena sonraítear na critéir a úsáidtear chun eintitis airgeadais a shainaithint a gceanglaítear orthu tástáil treáite bunaithe ar bhagairtí a dhéanamh, na ceanglais agus na caighdeáin lena rialaítear úsáid tástálaithe inmheánacha, na ceanglais i ndáil leis an raon feidhme, leis an modheolaíocht tástála agus leis an gcur chuige le haghaidh gach céime de na céimeanna tástála, torthaí, clabhsúir agus feabhsúcháin agus an cineál comhair maoirseachta agus comhair ábhartha eile is gá chun TLPT a chur chun feidhme agus chun aitheantas frithpháirteach a éascú

(Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh L, 2025/1190, 18 Meitheamh 2025)

CEARTÚCHÁN

ar Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/1190 ón gCoimisiún an 13 Feabhra 2025 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2022/2554 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le caighdeáin theicniúla rialála lena sonraítear na critéir a úsáidtear chun eintitis airgeadais a shainaithint a gceanglaítear orthu tástáil treáite bunaithe ar bhagairtí a dhéanamh, na ceanglais agus na caighdeáin lena rialaítear úsáid tástálaithe inmheánacha, na ceanglais i ndáil leis an raon feidhme, leis an modheolaíocht tástála agus leis an gcur chuige le haghaidh gach céime de na céimeanna tástála, torthaí, clabhsúir agus feabhsúcháin agus an cineál comhair maoirseachta agus comhair ábhartha eile is gá chun TLPT a chur chun feidhme agus chun aitheantas frithpháirteach a éascú

(Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh L, 2025/1190, 18 Meitheamh 2025)

Ar leathanach 1, Aithris 2:

*in ionad***:** '(2) [...] Ciallaíonn sé sin go bhféadfaí institiúidí creidmheasa, institiúidí íocaíochta agus ríomh-airgid, taisclanna lárnacha slándála, contrapháirtithe lárnacha, ionaid trádála, gnóthais árachais agus athárachais, cé go gcomhlíonann siad na critéir chainníochtúla, a scaoileadh ó cheanglas TLPT i bhfianaise measúnú foriomlán ar a bpróifíl riosca TFC agus ar a n-aibíocht, ar a dtionchar ar an earnáil airgeadais, agus ar na hábhair imní ghaolmhara maidir le cobhsaíocht airgeadais.'

léitear: '(2) […] Ciallaíonn sé sin go bhféadfaí institiúidí creidmheasa, institiúidí íocaíochta agus ríomh-airgid, taisclanna lárnacha urrús, contrapháirtithe lárnacha, ionaid trádála, gnóthais árachais agus athárachais, cé go gcomhlíonann siad na critéir chainníochtúla, a scaoileadh ó cheanglas TLPT i bhfianaise measúnú foriomlán ar a bpróifíl riosca TFC agus ar a n-aibíocht, ar a dtionchar ar an earnáil airgeadais, agus ar na hábhair imní ghaolmhara maidir le cobhsaíocht airgeadais.'

Ar leathanach 3, Aithris 10:

in ionad: '(10) […] Ar an gcúis chéanna, ba cheart eolas domhain a bheith ag comhaltaí na foirne rialaithe ar an eintiteas airgeadais, ar ról poist agus suíomh straitéiseach cheannasaí na foirne rialaithe, ba cheart an tsinsearacht is gá a bheith acu agus ba cheart rochtain a bheith acu ar an mbord bainistíochta. […]'

léitear: '(10) […] Ar an gcúis chéanna, ba cheart eolas domhain a bheith ag comhaltaí na foirne rialaithe ar an eintiteas airgeadais, ar ról poist agus suíomh straitéiseach cheannasaí na foirne rialaithe, ba cheart an tsinsearacht is gá a bheith acu agus ba cheart rochtain a bheith acu ar an gcomhlacht bainistíochta. […]'

Ar leathanach 9, Airteagal 2, mír 2, pointe (f), pointe (ii), pointí (1) agus (2):

in ionad: '(1) scaireanna i gcuideachtaí agus in urrúis eile atá comhionann le scaireanna i gcuideachtaí, i gcomhpháirtíochtaí nó in eintitis eile, agus admhálacha taisclainne i leith scaireanna;

(2) bannaí nó cineálacha eile fiachais urrúsaithe, lena n-áirítear admhálacha taisclainne i leith urrús den sórt sin;'

léitear: ‘(1) urrúis inaistrithe mar a shainmhínítear in Airteagal 4(1), pointe (44)(a), de Threoir 2014/65/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle;

(2) urrúis inaistrithe mar a shainmhínítear in Airteagal 4(1), pointe (44)(b), de Threoir 2014/65/AE;’

Ar leathanach 13, Airteagal 7, mír 1, pointe (f), pointe (iv):

in ionad: ‘(iv) níl sé fostaithe ag soláthraí faisnéise bagartha, ná nach soláthraíonn seirbhísí do sholáthraí faisnéise bagartha, a dhéanann cúraimí foirne gorma go comhuaineach d’eintiteas airgeadais, do sholáthraí seirbhíse TFC tríú páirtí, ná do sholáthraí seirbhíse TFC inghrúpa a bhfuil baint aige le TLPT;’

léitear: ‘(iv) níl sé fostaithe ag soláthraí, ná nach soláthraíonn seirbhísí do sholáthraí, a dhéanann cúraimí foirne gorma go comhuaineach d’eintiteas airgeadais, do sholáthraí seirbhíse TFC tríú páirtí, ná do sholáthraí seirbhíse TFC inghrúpa a bhfuil baint aige le TLPT;’

Ar leathanach 29, In Iarscríbhinn VIII, pointe (a)(vi)(2):

in ionad: ‘2. cé acu a d’úsáid nó nár úsáid an t-eintiteas airgeadais Airteagal 5(3), an dara fomhír;

léitear: ‘2. cé acu a d’úsáid nó nár úsáid an t-eintiteas airgeadais Airteagal 7(2)**,** an dara fomhír;